**Trascheist mhór le haghaidh freagra i scríbhinn G-001001/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Nicolaus Fest**, **Bernhard Zimniok**, **Gunnar Beck**, **Markus Buchheit**, **Gerolf Annemans**
thar ceann Ghrúpa ID

Ábhar: Ionsaithe ar an mbonneagar criticiúil fuinnimh

Léirigh an t-ionsaí ar phíblínte Nord Stream go soiléir leochaileacht an bhonneagair chriticiúil. Is féidir le hionsaithe ar bhonneagar tionchar tromchúiseach a imirt ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar a saoránaigh. Is féidir le hionsaithe ar bhonneagar fuinnimh dochar ollmhór a dhéanamh don gheilleagar agus cur isteach ar shaol laethúil na ndaoine. Is léir nach iad píblínte Nord Stream an t-aon bhonneagar criticiúil leochaileach amháin a nochtar d'ionsaithe nó do chur isteach eachtrach eile.

An 28 Meán Fómhair 2022, dhearbhaigh an tAontas Eorpach gur cúis mhór imní dó an damáiste a rinneadh do phíblínte Nord Stream 1 agus 2. Luaigh sé freisin go dtacódh sé le haon imscrúdú arb é is aidhm dó soiléireacht iomlán a fháil maidir leis an méid a tharla agus cén fáth, agus go ndéanfadh sé bearta breise chun athléimneacht an Aontais sa tslándáil fuinnimh a mhéadú. Is cinnte nach féidir glacadh le haon chur isteach d'aon ghnó ar bhonneagar fuinnimh na hEorpa agus tabharfar freagairt láidir aontaithe air sin[1].

1. Cathain a thosóidh an Coimisiún ar a imscrúdú neamhspleách féin chun soiléiriú a dhéanamh ar na himthosca as ar eascair an damáiste do phíblínte Nord Stream?

2. An bhfuil an Coimisiún tar éis an bonneagar fuinnimh Eorpach ríthábhachtach go léir a shainaithint, ar bonneagar é a bhfuil an baol ann go ndéanfar ionsaithe nó cur isteach eachtrach air?

3. Ó tharla na hionsaithe ar phíblínte Nord Stream, cad atá déanta ag an gCoimisiún chun athléimneacht an Aontais sa tslándáil fuinnimh a mhéadú?

[1] Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le sceitheanna ó phíblínte gáis Nord Stream, an 28 Meán Fómhair 2022: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/09/28/declaration-by-the-high-representative-on-behalf-of-the-european-union-on-leaks-in-the-nord-stream-gas-pipelines/